



## An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí Public Appointments Service

### Leabhrán Eolais an Iarrthóra

#### **GARDAÍ FAOI OILIÚINT 2023**

Tá sé i gceist ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí agus Coimisinéir an Gharda Síochána próiseas roghnaithe agus ceapacháin a reáchtáil do Ghardaí faoi Oiliúint.

**Dáta Dúnta: 3:00i.n. ar an Aoine 14 Aibreán 2023**

**UA an Fheachtais: 23119407**

Tá an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí agus an Garda Síochána tiomanta do pholasaí Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe.

Reáchtálfaidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí na gnéithe roghnaithe den chomórtas seo ar son an Gharda Síochána

de réir an Chóid Chleachtais chuí a d'ullmhaigh agus a d'fhoilsigh an

Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CCSP) agus atá ar fáil ar [www.cpsa.ie](http://www.cpsa.ie).

---

**TEAGMHÁIL LE: AN TÁONAD EARCAÍOCHTA DO RÉIMSE AN DLÍ AGUS AN CHIRT**

**AN TSEIRBHÍS UM CHEAPACHÁIN PHOIBLÍ**

**ÁRAS NA CAIBIDLE**

**26 – 30 SRÁID NA MAINISTREACH UACHTARACH, BAILE ÁTHA CLIATH 1**

**URL: [www.publicjobs.ie](http://www.publicjobs.ie)**

**Ríomhphost: [GardaTrainee2023@publicjobs.ie](mailto:GardaTrainee2023@publicjobs.ie)**

## **ACHOIMRE AR AN GCOMÓRTAS**

**Tuarastal:** Tabharfar íocaíocht de €184 sa tseachtain do Ghardaí faoi Oiliúint ar feadh na 33 seachtaine sula ndeimhnítear iad. Cuirtear lóistín agus bia ar fáil i gColáiste an Gharda Síochána. Deimhnítear Gardaí faoi Oiliúint tar éis 33 seachtaine agus cuirtear iad ar an gcéad phointe den scála tuarastail, €34,572.00.

***Tá tuilleadh eolais ar fáil ar leathanach 24 den leabhrán seo.***

### **Oiliúint:**

Is é an Clár Bunoiliúna an clár oiliúna agus forbartha tosaigh do Ghardaí faoi Oiliúint nua-earcaithe agus do Ghardaí ar Promhadh sa Gharda Síochána. Díríonn Staid 1, Céim 1 ar bhunchlocha na póilíneachta agus mairfidh sé 33 seachtaine (nó tréimse ama a shocróidh Coimisinéir an Gharda Síochána). Tá Céim 1 éigeantach agus tá oiliúint chónaithe i gceist, a dhéantar, de ghnáth, idir an Luan agus an Aoine i gColáiste an Gharda Síochána, an Teampall Mór, Co. Thiobraid Árann. ***Tá tuilleadh eolais faoin gClár Bunoiliúna ar fáil ar leathanach 18 den leabhrán seo.***

**PRÓISEAS ROGHNAITHE – le réachtáil ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí**

### **Céim 1**

Beidh roinnt trialacha i gceist agus déanfar ar líne iad. Is féidir le hiarrthóirí na trialacha a dhéanamh am ar bith le linn na tréimhse tástála. Molaimid d'iarrthóirí na trialacha a dhéanamh ar Ríomhaire Glúine nó ar Ríomhaire Pearsanta.

***Tá tuilleadh eolais ar fáil ar leathanach 11 den leabhrán seo.***

### **Céim 2**

Tabharfar cuireadh chuig an gcéad chéim eile do na hiarrthóirí sin a n-éiríonn leo ag Céim 1, in ord fiúntais. ***Tabharfar tuilleadh sonraí faoin gcéim seo d'iarrthóirí níos déanaí sa phróiseas, de réir mar is gá.***

**PRÓISEAS CEAPACHÁIN – le réachtáil ag an nGarda Síochána**

Má éiríonn leat ag Céim 2, agus má dheimhnítear go gcomhlíonann tú na critéir cháilitheachta a leagtar amach ar leathanach 4 agus ar leathanach 5 sa leabhrán eolais, cuirfear d'ainm agus na sonraí teagmhála a chuir tú ar fáil i d'fhoirm iarratais ar aghaidh chuig an nGarda Síochána. Iarrfar ort tabhairt faoi Thriail Inniúlachta Fisicí (TIF) sa Teampall Mór, Co. Thiobraid Árann, thart ar choicís tar éis don Gharda Síochána d'ainm a fháil.

Ina theannta sin, beidh ort tabhairt faoi scrúdú leighis agus Tástáil Mhí-Úsáide Substaintí (Drugáil Rialaithe). Déanfar seiceálacha grinnfhiosrúcháin le linn na tréimhse seo.

***Tá tuilleadh eolais ar fáil ar leathanaigh 15 den leabhrán seo.***

## **RÉAMHRA**

Is é an Garda Síochána seirbhís náisiúnta póilíneachta na hÉireann ina bhfuil timpeall 14,000 Garda, 3,400 ball foirne agus 450 ball de Chúltaca an Gharda Síochána - beagnach 18,000 ball foirne ar fad. Tá sé mar aidhm ag an nGarda Síochána “*Daoine a Choinneáil Slán.*”

Stiúránn agus rialaíonn Coimisinéir an Gharda Síochána An Garda Síochána. Eisceacht is ea An Garda Síochána i gcomparáid le seirbhísí póilíneachta idirnáisiúnta mar chomhlacht aonadach atá freagrach as slándáil an Stáit agus as seirbhísí póilíneachta a chur ar fáil. Tá an dá fheidhm comhaontaithe tríd an bhfealsúnacht: cosaint an duine aonair agus sábháilteacht pobal. Tá An Garda Síochána lonnaithe sa phobal agus is cuid den phobal é agus is cuid fhíorthábhachtach den Eagraíocht í an phóilíneacht sa phobal.

### **1. Comórtas do Ghardaí faoi Oiliúint 2023**

Mhol an Rialtas fíis iomlán do lucht oibre An Gharda Síochána ina meadófar an líon daoine sa tseirbhís go dtí 15,000 Garda, 4,000 ball foirne de chuid An Gharda Síochána agus 2,000 Garda Cúltaca. Chomh maith le hinfheistíocht a dhéanamh i ndaoine, déanfaidh an Eagraíocht infheistíocht in infreastruchtúr agus i bhfearas TFC. Cuireadh maoiniú ar fáil i mBuiséad 2023 chun pobail níos láidre, níos sábháilte a fhorbairt; chun tacú leis an nGarda Síochána agus chun AGS a neartú agus chun tacú le híospartaigh Choireachta agus leo siúd a d’fhulaing Foréigean Gnéis agus Foréigean bunaithe ar Inscne. Bhí foráil maidir le suas le 1,000 Garda faoi Oiliúint sa bhreis a earcú san áireamh.

Eagraíocht dhinimiciúil is ea An Garda Síochána agus is féidir le baill foirne gairm fhiúntach a bhaint amach agus iad ag freastal ar phobail agus ar mhuintir na hÉireann .

### **Éagsúlacht i Sochaí na hÉireann a Léiriú**

Iarrann an Coimisiún um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn go léireofaí an éagsúlacht i Sochaí na hÉireann sa Gharda Síochána, inar chóir go mbeadh “éagsúlacht le brath, ní hamháin ó thaobh inscne agus eitneachta de, ach ó thaobh cúlra oideachais agus tíreolaíochta de chomh maith.” Cuirimid fáilte roimh iarratais ó dhaoine ó aon chúlra mar go bhfuil sé mar aidhm againn an leibhéal éagsúlachta i sochaí na hÉireann in 2023, atá ag méadú, agus an leibhéal éagsúlachta a bheidh le brath sa tsochaí amach anseo, a léiriú.

Ní mór d’iarrthóirí cumas a bheith acu i gceann amháin de na teangacha thíos nó sa dá cheann acu:

- i) An Ghaeilge
- ii) An Béarla

Ní gá duit céim a bheith agat sula dtosaíonn tú sa Gharda Síochána mar Gharda faoi Oiliúint, ach má tá tú sa bhliain dheireanach de chúrsa céime nuair a thairgtear áit i gColáiste An Gharda Síochána duit, is féidir linn a bheith solúbtha maidir leis an dáta tosaithe chun cuidiú leat do bhliain dheireanach a chríochnú.

Mholfaimis duit do mhachnamh a dhéanamh ar ghairm mar bhall den Gharda Síochána. Tá luach saothair maith le fáil sa phóilíneacht agus is féidir leat dea-thionchar a bheith agat ar shaol an duine aonair agus ar an bpobal gach lá. Molann An Garda Síochána do dhaoine ó aon chúlra teacht ag obair linn.

Mar Eagraíocht, aithnímid an tsochaí ilchineálach atá ann anois agus, ag brath ar riachtanais oibríochta, sláinte agus sábháilteachta, smaoinimid ar an bpolasaí maidir le héide An Gharda Síochána a athrú chun riachtanais chreidimh agus eitneacha a chur san áireamh.

### **Riachtanais Iontrála – Cáilitheacht**

Maidir le cead isteach sa Gharda Síochána mar Gharda faoi Oiliúint, rialaíonn [Rialacháin an Gharda Síochána \(Cead Isteach agus Ceapacháin\), 2013](#) de réir mar a leasaíonn iad faoi [Rialacháin an Gharda Síochána \(Cead Isteach agus Ceapacháin\) \(Leasú\), 2020 \(Ionstraim Reachtúil 602 den bhliain 2020\)](#) agus [Garda Rialacháin an Gharda Síochána \(Cead Isteach agus Ceapacháin\) \(Leasú\), 2020 \(Ionstraim Reachtúil 757 den bhliain 2021\)](#) nó aon leasú a dhéantar ar na Rialacháin sin le linn thréimhse an chomórtais.

Tá achoimre ar na critéir cháilitheachta a mbeidh ar iarrthóirí a chomhlíonadh chun áit a fháil mar Gharda faoi Oiliúint agus chun dul san iomaíocht sa phróiseas roghnaithe iomaíoch a eagraíonn an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí ar fáil thíos. Chun mionsonraí faoi na riachtanais iontrála agus cháilitheachta a fháil, áfach, ba chóir d'iarrthóirí breathnú ar na riachtanais sin de réir mar a leagtar amach iad sna Rialacháin thuasluaite.

Chun a bheith cáilithe chun áit a fháil mar Gharda faoi Oiliúint, ní mór don iarrthóir na nithe seo a leanas a bheith acu:

- (i) dea-cháil a bheith orthu
- (ii) teastas a fháil ó Liachleachtóir Leighis (a ainmníonn an Coimisinéir tar éis dóibh dul i gcomhar leis an Aire) a léiríonn go bhfuil dea-shláinte acu, go bhfuil siad folláin, agus go bhfuil cumas fisiceach agus meabhrach acu chun dualgais mar bhall den tseirbhís a chomhlíonadh
- (iii) gur éirigh leat i dTriail Inniúlachta Fisicí
- (iv) a bheith 18 mbliana d'aois, ar a laghad, ach níos óige ná 35 bliana d'aois ag meánoíche ar an 14 Aibreán 2023
- (v) a bheith mar náisiúnach de Bhallstát den Aontas Eorpach **nó**

a bheith ina náisiúnach de Stát sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, de Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart na hÉireann nó de Chónaidhm na hEilvéise **nó**

Faoin Acht um Chosaint Idirnáisiúnta, 2015, agus de réir na Rialachán um Chead Isteach agus Cheapacháin, 2013, de réir mar a leasaíodh, a bheith mar

- (i) **theifeach** nó mar bhall teaghlaigh de chuid duine dona bhfuil dearbhú mar theifeach i bhfeidhm a bheidh i bhfeidhm do thréimhse iomlán an phróisis roghnaithe agus iontrálacha do Ghardaí faoi Oiliúint nó
- (ii) mar dhuine donar tugadh cosaint thánaisteach nó mar bhall teaghlaigh de chuid duine dona bhfuil dearbhú maidir le cosaint thánaisteach i bhfeidhm a bheidh i bhfeidhm do thréimhse iomlán an phróisis roghnaithe agus iontrálacha do Ghardaí faoi Oiliúint **nó**

a bheith ina c(h)ónaí sa Stát go leanúnach le tréimhse de bhliain amháin roimh dháta dúnta an chomórtais seo agus, a bheith ina c(h)ónaí sa Stát le ceithre bliana san iomlán sna hocht mbliana roimh an tréimhse sin;

**Is faoin iarrthóir atá sé fianaise dhoiciméadach a chur ar fáil chun a léiriú go gcomhlíonann siad na riachtanais cháilitheachta le linn an phróisis agus chun an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí agus An Garda Síochána a chur ar an eolas faoi aon athruithe a thagann chun cinn a mbeadh tionchar acu ar a gcáilitheacht.**

- (vi) Ní mór go mbeadh na nithe seo a leanas ag iarrthóirí roimh an dáta dúnta:
  - (a) Grád D3 nó O6 a bheith bainte amach acu i gcúig ábhar, ar a laghad, ag an nGnáthleibhéal\* i scrúdú Ardteistiméireachta na hÉireann, **nó**
  - (b) mórdhámhachtain ag leibhéal 5 (**120 creidiúint**) ar Chreat Náisiúnta na gCáilíochtaí, **nó**
  - (c) cáilíocht aitheanta (**ag Leibhéal 5 nó níos airde**), a aithnítear mar cháilíocht atá ar aon cheim leis na cáilíochta thuas i dtaca le leibhéal agus méid na foghlama de réir mar a shocraíonn Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochta Éireann (QQI)

#### **AGUS**

- (d) cumas a bheith acu i **gceachtar den dá theanga thíos nó sa dá cheann acu**:
  - i) an Ghaeilge
  - ii) an Béarla

*\***Ní ghlactar** le hábhair a tógadh ag an **mBonnleibhéal** i Scrúdú na hArdteistiméireachta mar cháilíocht ar aon cheim maidir le hiarratas a dhéanamh ar an gcomórtas seo. I gcásanna áirithe **is féidir** go nglacfaí le Pas san Ardteistiméireacht Fheidhmeach mar cháilíocht atá ar aon cheim leis an nGnáth-Ardteistiméireacht. Glactar leis go bhfuil grád H7 ar aon cheim le grád O6 chomh maith.*

Is féidir go ndeimhneoidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí bailíocht na gcáilíochtaí nach cáilíochtaí Ardteistiméireachta iad le Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI). Is féidir le hiarrthóirí comhairle a fháil ón [Ionad Faisnéise Náisiúnta um Aitheantas Acadúil in Éirinn](#) a thugann comhairle faoi aitheantas acadúil do cháilíochtaí iasachta in Éirinn.

- (vii) Ní mór do gach iarrthóir aon fhostaíocht a bhí acu roimhe seo a fhágáil sula dtógfar iad isteach i gColáiste an Gharda agus ní féidir leo a bheith ar shos gairme ó fhostaíocht dá leithéid sula dtéann siad isteach.

#### **Riachtanais cháilitheachta a shocrú**

Ba chóir duit a thabhairt faoi deara gur féidir nach ndeimhneofar cáilíochtaí/cáilitheacht na n-iarrthóirí go dtí na céimeanna deiridh den phróiseas roghnaithe/ceapacháin. Má théann iarrthóirí nach gcomhlíonann na riachtanais sin ar an dáta dúnta ar aghaidh lena n-iarratas, mar sin, ní bheidh siad cáilithe maidir le roghnú agus maidir le tairiscint phoist a fháil sa chomórtas seo. Is féidir go dtógfar amach as an gcomórtas am ar bith aon iarrthóir nach bhfuil in ann a léiriú go bhfuil na cáilíochtaí riachtanacha acu. Ní hionann cuireadh chuig triail nó aon ghné den phróiseas roghnaithe/ceapacháin agus a rá go nglacann an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí agus/nó An Garda Síochána leis go bhfuil an t-iarrthóir cáilithe.

#### **4. Sraitheanna iarratais**

Mar chuid den chomórtas earcaíochta seo beidh trí shraith iarratais i gceist, .i.:

- (i) Ginearálta
- (ii) Cumas sa Ghaeilge
- (iii) Baill de Chúltaca an Gharda atá i dteideal.

Má tá siad i dteideal, is féidir le hiarrthóirí iarratas a dhéanamh ar shraith amháin nó níos mó ná sraith amháin.

#### **5. Sraith d'Iarrthóirí a bhfuil cumas sa Ghaeilge acu**

(Sraith d'Iarrthóirí a bhfuil cumas sa Ghaeilge acu )

Tá Coimisinéir An Gharda Síochána agus An Garda Síochána tiomanta go hiomlán dá ndualgais faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021, a chomhlíonadh. Tá áthas ar Choimisinéir an Gharda Síochána a fhógairt gur féidir le daoine a bhfuil cumas acu sa Ghaeilge agus a chomhlíonann na critéir cháilitheachta a leagadh amach a chur in iúl gur mhaith leo dul faoi mheas do shraith speisialtachta Ghaeilge ar an bhfoirm iarratais.

Beidh ar iarrthóirí a léiríonn spéis sa tsraith seo agus a fhaigheann cuireadh chuig na céimeanna deiridh den phróiseas roghnaithe agallamh atá bunaithe ar inniúlachtaí a dhéanamh trí mheán na Gaeilge sula gcuirfear faoi mheas iad do phost den chineál seo. Ní mór dóibh an leibhéal riachtanach a bhaint amach sa Ghaeilge san agallamh seo, .i. [a léiriú go bhfuil Leibhéal B2 bainte amach acu ar Chreat Chreat Féinmheasúnaithe Europass](#). Ní mór d'iarrthóirí a cheaptar ón tsraith seo a bheith in ann réimse iomlán seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge. Má éiríonn leo, **cuirfear** iarrthóirí ag obair i gceantair Ghaeltachta ar feadh tréimhse, de réir mar a shocróidh Coimisinéir An Gharda Síochána.

## **6. Sraith do Bhaill de Chúltaca an Gharda atá ar seirbhís**

Tugann Gardaí Cúltaca a gcuid ama go deonach mar thacaíocht don Gharda Síochána sa phobal. Tá oiliúint déanta acu i gcuid mhaith de na scileanna atá ag teastáil chun a ndualgais mar bhaill d'aonaid phóilíneachta sa phobal nó de ghnáthaonaid a bhfuil ardmheas orthu a chomhlíonadh chun póilíneacht ghníomach, fheiceálach a chur ar fáil a chuireann le sábháilteacht na ndaoine. Mar aitheantas air seo, beidh sraith ar leith á reáchtáil do Ghardaí Cúltaca reatha a bhfuil na nithe seo a leanas acu roimh an dáta dúnta:

- (i) an tréimhse phromhaidh comhlíonta acu
- (ii) a ndualgais comhlíonta acu ar chaighdeán sásúil
- (iii) 120 uair an chloig, ar a laghad, sa bhliain déanta acu in dhá bhliain as na ceithre bliana is déanaí a éilíonn siad
- (iv) comhlíonann siad na Coinníollacha Iontrála mar atá leagtha amach in alt 3 thuas

Ba chóir d'iarrthóirí atá i dteideal iarratas a dhéanamh mar is gnách agus a chur in iúl ar an bhfoirm gur mian leo iarratas a dhéanamh ar an tSraith do Bhaill de Chúltaca an Gharda Síochána atá ar seirbhís. Chun go gcuirfí thú faoi mheas don tsraith seo, ní mór duit na nithe seo a leanas a chur ar fáil agus d'iarratas á chomhlíonadh agat:

- 1) D'uimhir chlárúcháin i gCúltaca an Gharda Síochána
- 2) An Rannóg ina bhfuil tú ag obair faoi láthair

**Ní mór d'iarrthóirí a bheith ina mbaill de Chúltaca an Gharda Síochána ag am an cheapacháin mar Gharda faoi Oiliúint chun a bheith i dteideal faoin tSraith do Bhaill de Chúltaca an Gharda Síochána. Ní thairgfear ceapachán ón tSraith seo d'iarrthóirí nach bhfuil ina mbaill de Chúltaca an Gharda Síochána a thuilleadh.**

Seolfar eolas sa bhreis faoi Fhoirm Dheimhnithe do bhaill de Chúltaca an Gharda chugat i ríomhphost go luath tar éis an dáta dúnta. Beidh ar iarrthóirí an fhoirm seo a líonadh, síniú a fháil óna nOifigeach Rannóige, agus í a chur ar aghaidh chuig Oifig na gCeapachán i gCeanncheathrú An Gharda Síochána taobh istigh de thréimhse ama áirithe.

Mura gcuireann tú an Fhoirm Dheimhnithe don tSraith do Bhaill de Chúltaca an Gharda Síochána ar ais taobh istigh den tréimhse ama a luaitear, ní chuirfear d'iarratais ar an tSraith do Bhaill de Chúltaca an Gharda Síochána atá ar seirbhís faoi mheas a thuilleadh.

## **7. An Próiseas Iarratais**

- Bainisteoidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí an próiseas iarratais agus na céimeanna roghnaithe tosaigh sa chomórtas ar son Choimisinéir an Gharda.
- Ní mór iarratas a dheanamh ar líne trí [www.publicjobs.ie](http://www.publicjobs.ie).
- Sula ndéantar iarratas, ní mór d'iarrthóirí "Cuntas Úsáideora" a bheith acu ar [www.publicjobs.ie](http://www.publicjobs.ie). Mura bhfuil sé déanta agat cheana, ní mór duit cliceáil ar "Logáil Isteach" ar leathanach baile Publicjobs agus clárú mar '**Úsáideoir Nua**' chun do phróifíl a chruthú (cláraigh Cuntas Nua)

- Mura gcuimhníonn tú sonraí do phróifíle, **ná cruthaigh** an dara próifíl, d'fhéadfadh seo d'iarratas a chur ar ceal.

### Ceisteanna maidir le hAinmneacha Úsáideora / Pasfhocail

#### ***An bhfuil dearmad déanta agat ar d'ainm úsáideora nó ar do phasfhocal?***

Má tá, cliceáil ar an nasc seo

<https://www.publicjobs.ie/candidateportal/home/forgottenDetails.do>

#### ***Conas dul i dteagmháil leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí?***

*Má tá deacracht agat fós le hAinm Úsáideora nó le Pasfhocal, seol ríomhphost chuig an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí ag [GardaTrainee2023@publicjobs.ie](mailto:GardaTrainee2023@publicjobs.ie) ag míniú do dheacrachtaí agus tabhair d'ainm agus do shonraí teagmhála, uimhir ghutháin san áireamh, chun gur féidir teagmháil a dhéanamh leat.*

Ba chóir d'iarrthóirí a bheith ar an eolas nach mbeidh tacaíocht ar fáil ach le linn uaireanta oifige go dtí an dáta dúnta.

- Bí ar d'aire nach ionann clárú (Próifíl a chruthú) agus iarratas a chur isteach. Nuair atá próifíl cruthaithe agat, ní mór duit **an fhoirm iarratais a fháil, a chomhlíonadh agus a chur isteach**. Ní ghlacfar ach le hiarratais uirtear isteach roimh an dáta dúnta.
- Ní mór d'iarrthóirí a seoladh ríomhphoist bailí **féin** a úsáid. **Ní ghlacfar** le seoltaí ríomhphoist ó thríú páirtithe agus is féidir go gcuirfidh siad d'iarratas ar ceal. Ní thabharfaidh an tSCP eolas faoi iarratais ach don iarrthóir amháin agus ní thabharfaidh siad eolas do thríú páirtí.
- Tá sé tábhachtach go gcoinníonn tú d'ainm úsáideora agus do phasfhocal mar go mbeidh siad ag teastáil uait chun teacht ar do chlár teachtaireachtaí ar Publicjobs.
- Má athraíonn tú do sheoladh ríomhphoist nó d'uimhir ghutháin le linn an chomórtais earcaíochta seo, ba chóir duit logáil isteach i do chuntas Publicjobs agus do phróifíl a cheartú chomh luath agus is féidir. Má tá sé riachtanach fógra a chur chugat i ríomhphost/dtéacs, cuirfear é chuig an seoladh ríomhphoist / uimhir ghutháin ar do phróifíl.



- Is ar líne a dhéanfar teagmháil le hiarrthóirí le linn an phróisis iarratais den chuid is mó. Seolfaidh an tSCP an chuid is mó den chomhfhreagras chugat trí do chlár teachtaireachtaí publicjobs. Moltar duit féachaint ar do chlár teachtaireachtaí go rialta mar is féidir go n-aistreofaí fógraí ríomhphoist faoi shonraí nua/ thástálacha/ agallaimh srl. a chuirtear chuig do chlár teachtaireachtaí chuig do chomhad ríomhphoist do Dhramháil/Thurscar (nó 'Promotions' maidir le Gmail). Moltar duit freisin féachaint ar na comhaid seo ar fad go minic.
- Má thugtar cuireadh dóibh chuig tástálacha / nó agallamh, is faoin iarrthóir féin atá sé a bheith ar fáil ar an dáta(i) a shonraíonn an tSCP. Mura mbíonn tú i láthair ar an dáta/ag an am a thugtar duit, glacfar leis gur tharraing tú siar as an gcomórtas, ach amháin má mhínigh tú don tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí cén fáth nach féidir leat a bheith i láthair agus má tá dáta/am difriúil á lorg agat. Is féidir go n-iarrfar ar iarrthóirí fianaise dhoiciméadach a chur ar fáil sula socraítear dáta/am difriúil.
- Ní bheidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí freagrach as cumarsáid nár oscail an t-iarrthóir. Ní mór d'iarrthóirí a chinntiú go mbreathnaíonn siad go rialta ar a gclár teachtaireachtaí agus go bhfaigheann siad gach cumarsáid a chuireann an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí chucu.
- Chomh luath agus a chuireann tú d'fhoirm iarratais isteach, moltar duit filleadh ar do chuntas Publicjobs agus a chinntiú go bhfuil sé curtha isteach trí 'M'Iarratais'. **Níor chóir do dhaoine nach gcomhlíonann na coinníollacha atá leagtha amach don chomórtas seo iarratas a dhéanamh mar go gcuirfidh siad dua agus costas orthu féin gan ghá.**

### **Conas Iarratas a Dhéanamh**

Is faoin iarrthóir féin atá sé an tsraith cheart/na sraitheanna cearta a roghnú.

Cliceáil ar an gcnaipe 'Déan Iarratas Anois' chun an fhoirm iarratais a fháil. Tá an cnaipe seo ar fáil ag deireadh an leathanaigh ar a bhfógraítear poist do Ghardaí faoi Oiliúint 2023 ar [www.publicjobs.ie](http://www.publicjobs.ie). Ní mór duit an fhoirm iarratais a chomhlíonadh go hiomlán agus cliceáil ar an gcnaipe 'Cuir Isteach'.

Chomh luath agus a chuireann tú d'fhoirm iarratais isteach, moltar duit filleadh ar do chuntas publicjobs agus a chinntiú go bhfuil sé curtha isteach trí '**M'Iarratais**'. Ag an staid seo ba chóir duit [www.publicjobs.ie](http://www.publicjobs.ie) a chur le do liosta de dhaoine nó de theagmhálaithe sábháilte i do chuntas ríomhphoist chun nach gcuirfear cosc ar ríomhphost ó *Publicjobs*.

Mura bhfaigheann tú admháil faoi d'iarratas taobh istigh de dhá lá oibre ó lá d'iarratais, **cliceáil ar d'fhillteán do Dhramháil/Thurscar' mar gur féidir fógraí i ríomhphost dul isteach i bhfillteán do Dhramháil/ Thurscar (nó 'Promotions' i gcás Gmail)**. Sa chás nach bhfaigheann tú admháil go fóill, seol ríomhphost chuig [GardaTrainee2023@publicjobs.ie](mailto:GardaTrainee2023@publicjobs.ie) agus cuir isteach d'ainm, d'UA iarrthóra agus do shonraí teagmhála. Ba chóir d'iarrthóirí a bheith ar an eolas go mbeidh tacaíocht ar fáil le linn uaireanta oifige go dtí an dáta dúnta.

Ní ghlacfar ach le hiarratais atá comhlíonta go hiomlán a chuirtear isteach sa chomórtas. **Ní ghlacfar le hiarratais tar éis an dáta dúnta. Ní féidir le duine ach iarratas amháin a dhéanamh.**

Má ligtear do dhuine iarratas a dhéanamh ar an gcomórtas seo, nó má thugtar cuireadh do dhuine chuig aon ghné den phróiseas roghnaithe, ní hionann sin agus a rá go nglacann an tSeirbhís um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí leis go gcomhlíonann an duine sin na riachtanais ar fad.

### **Iarrthóirí faoi Mhíchumas**

Tá ról tábhachtach ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí maidir le iarrthóirí ó gach carn den tsochaí a mhealladh agus maidir lena chinntiú go bhfuil rochtain ag gach duine a bhfuil suim acu i ndeiseanna gairme ar na deiseanna sin. Táimid tiomanta do pholasaí comhdheiseanna do gach iarrthóir.

Má tá tú faoi mhíchumas nó má tá socruithe réasúnta ag teastáil uait le linn an phróisis roghnaithe, molaimid go láidir duit é sin a chur in iúl dúinn ionas gur féidir linn a chinntiú go bhfaigheann tú an tacaíocht atá de dhíth ort.

Is éard atá i gceist le cóiríocht réasúnta inár bpróiseas roghnaithe ná socruithe agus athruithe praiticiúla a dhéantar chun a chinntiú go bhfuil an deis chéanna ag iarrthóirí faoi mhíchumas agus atá ag gach iarrthóir eile. Maidir leis na socruithe a chuirimid ar fáil, tá na socruithe seo a leanas i gceist: teicneolaíocht chúnata, am sa bhreis, scríobhaithe agus/nó léitheoirí agus réimse de shocruithe eile.

Má tá tú faoi mhíchumas nó má tá socruithe ag teastáil uait, bí cinnte nach mbeidh tionchar aige sin ar do dhul chun cinn sa phróiseas roghnaithe; ní bheidh tú faoi mhíbhuntáiste má thugann tú eolas dúinn faoin míchumas atá ort nó faoi na socruithe atá de dhíth ort. Coinneoidimid eolas faoin míchumas atá ort/faoi na socruithe atá de dhíth ort faoi rún daingean.

Má éiríonn leat, ní sheolafar eolas a thugann tú dúinn faoin míchumas atá ort ag an staid seo den phróiseas ar aghaidh chuig an roinn fostaíochta, ach amháin má iarrann tú orainn seo a dhéanamh.

Má chuir tú in iúl ar d'fhoirm iarratais/phróifíl go bhfuil cóiríocht réasúnta ag teastáil uait, cuir tuairisc ó shíceolaí/tuairisc leighis ar aghaidh chuig [asu@publicjobs.ie](mailto:asu@publicjobs.ie).

Is é is cúis leis an tuairisc eolas a thabhairt don tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí chun gur féidir cóiríocht réasúnta a chur ar fáil más cuí. Maidir leis an eolas sna tuairiscí sin atá cabhrach dúinn, tá an t-eolas seo a leanas san áireamh: torthaí aon tástálacha diagnóiseacha a rinne do shíceolaí/dhochtúir, agus achoimre ón síceolaí/dochtúir ar mholtaí maidir le do riachtanais. Is féidir leat codanna de thuairiscí leighis/thuairiscí ó shíceolaí a cheilt (a bhaint amach) má cheapann tú go bhfuil siad íogair nó nach bhfuil gá leo.

Ní mór na tuairiscí seo a chur ar aghaidh chuig aonad na Seirbhísí Measúnaithe roimh am dúnta gnó ar an **Aoine 14 Aibreán, 2023**. **Ní mór duit cóip scanta den tuairisc a sheoladh, trí mheán an ríomhphoist, chuig [asu@publicjobs.ie](mailto:asu@publicjobs.ie)**

**Má rinne tú iarratas ar chomórtas cheana leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí agus má chuir tú tuairisc isteach, seol ríomhphost chuig [asu@publicjobs.ie](mailto:asu@publicjobs.ie) chun a dheimhniú go bhfuil do thuairisc fós ar taifead.**

Más mian leat plé a dhéanamh ar d'iarrthóireacht agus ar shocruithe réasúnta ar féidir leo cabhrú leat le linn an phróisis earcaíochta, téigh i dteagmháil lenár dTacadóir Míchumais, Amanda Kavanagh, ag [amanda.kavanagh@publicjobs.ie](mailto:amanda.kavanagh@publicjobs.ie). Chun tuilleadh eolais a fháil faoi inrochtaineacht ár seirbhíse, féach ar an leathanach ar a bhfuil eolas faoin [Inrochtaineacht](#).

Maidir le hiarratais ar chóiríocht réasúnta ó iarrthóirí a n-éiríonn leo sa phróiseas roghnaithe, ní mór don iarrthóir iad sin a chur ar aghaidh i scríbhinn chuig Oifig na gCeapachán, Ceanncheathrú An Gharda Síochána, Páirc an Fhionnuisce, Baile Átha Cliath 8 nó trí mheán an ríomhphoist chuig [Appointments@Garda.ie](mailto:Appointments@Garda.ie). Ní mór tuairiscí leighis agus síceolaíocha ábhartha a chur isteach mar thacaíocht le hiarratais dá leithéid. Is é is cúis leis an tuairisc eolas a thabhairt don Gharda Síochána chun gur féidir cóiríocht réasúnta a chur ar fáil más cuí.

### **Dáta Dúnta**

Is é **3i.n. ar an Aoine 14 Aibreán 2023** an dáta deireanach ar a nglacfar le hiarratais chomhlíonta. Is fútsa atá sé a chinntiú go gcomhlíonann tú agus go gcuireann tú an t-iarratas isteach i gceart mar gheall **nach nglacfar le haon iarratas maidir leis an iarratas a chur isteach i ndiaidh an dáta dúnta.**

Mura bhfaigheann tú admháil go bhfuarthas d'iarratas taobh istigh de dhá lá oibre ó lá d'iarratais, seol ríomhphost chuig [GardaTrainee2023@publicjobs.ie](mailto:GardaTrainee2023@publicjobs.ie).

## **8. An Próiseas Roghnaithe**

### **Réamhrá**

Cuireann líon mór iarrthóirí isteach ar an gcomórtas do Ghardaí faoi Oiliúint. Dá bharr sin, tá an próiseas roghnaithe do Ghardaí faoi Oiliúint an-chuimsitheach, agus bíonn ar iarrthóirí trialacha measúnaithe agus cleachtaí éagsúla a dhéanamh trí chéimeanna éagsúla. Deartar na trialacha agus na cleachtaí chun iarrthóirí a bheadh oiriúnach do ról an Gharda faoi Oiliúint, agus a bheadh oiriúnach mar bhall deimhnithe, a aimsiú. Dá bhrí sin, ní rachaidh ach na hiarrthóirí a bhaineann na torthaí is fearr amach ag gach céim ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile den chomórtas. Socrófar an líon daoine a fhaigheann cuireadh chuig gach céim den roghnú ó am go ham agus cuirfean an líon folúntas atá le líonadh i gColáiste an Gharda Síochána san áireamh.

Reáchtálfaidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí na céimeanna roghnaithe tosaigh ar son Choimisinéir an Gharda Síochána. Cuirfean ainmneacha agus sonraí na n-iarrthóirí a n-éiríonn leo agus a chuirtear sna háiteanna is airde san ord fiúntais tar éis na gcéimeanna roghnaithe a rinne an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí ar aghaidh chuig an nGarda Síochána chun go bpléifear a thuilleadh leo. Ní bheidh An Garda Síochána nó an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí freagrach as aon chostas a chuireann iarrthóirí orthu féin i dtaca leis an bpróiseas earcaíochta a íoc ar ais.

## **Ceistneoir Féinmheasúnaithe bunaithe ar Réamhbhreathnú ar an bPost**

Tá Ceistneoir réalaíoch bunaithe ar Réamhbhreathnú ar an bPost san áireamh sa leabhrán seo (féach ar Aguisín A) agus ba chóir duit é a léamh sula ndéanann tú iarratas. Ní cuid den phróiseas iarratais é ach is duit féin é chun cabhrú leat a shocrú an bhfuil gairm sa Gharda Síochána oiriúnach duit. Tá sé tábhachtach go gcomhlíonann tú an ceistneoir mar go bhfuil ceisteanna tábhachtacha ann a thugann léargas ar an ról seo.

## **Modhanna Roghnaithe**

Beidh ar iarrthóirí roinnt trialacha a dhéanamh chun a gcumas le bheith mar Gharda faoi Oiliúint a léiriú. Tabharfar níos mó eolais faoi na modhanna roghnaithe agus na dátaí cinnte d'iarrthóirí de réir mar a théann an próiseas ar aghaidh.

Beidh roinnt gnéithe i gceist sa phróiseas roghnaithe don chomórtas seo. Is féidir go mbeidh ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas i gceist:

- Trialacha agus Cleachtaí m.sh. trialacha teanga, réasúnaíochta agus inniúlachta.
- Agallamh Físe ar Líne (m.sh. ar Zoom)
- Aon triail /chleachtadh eile a cheaptar atá cuí

De réir threoirínte an rialtais maidir le sábháilteacht an phobail, a athraíonn ó am go ham, is féidir go mbeadh orainn athbhreithniú a dhéanamh ar na modhanna measúnaithe as a mbainfear úsáid le linn thréimhse an chomórtais seo. Moltar do gach iarrthóir, mar sin, scrúdú cúramach a dhéanamh ar aon chomhfheagras nó ar aon ábhar eolais a fhaigheann siad ar a gclár teachtaireachtaí Publicjobs roimh thús gach céime.

## **Forbhreathnú ar an bPróiseas Roghnaithe do Ghardaí faoi Oiliúint**

Léiríonn an chairt thíos an próiseas iarratais a bheidh le comhlíonadh ag iarrthóirí má dhéanann siad iarratas ar aon cheann de na sraitheanna.



#### Dátaí Tábhachtacha

DÁTA	CÉIM
<b>3:00i.n. ar an Aoine 14 Aibreán 2023</b>	Am/Dáta Dúnta d'fhoirmeacha iarratais.
<b>Mí na Bealtaine 2023</b>	<b>Céim 1 - Trialacha Measúnaithe ar líne</b>
<b>Mí Iúil 2023</b>	<b>Céim 2 – Agallaimh</b> Ar dtús tabharfar cuireadh don ghrúpa iarrthóirí is fearr ó Chéim 1 chuig Agallaimh i mí Iúil 2023. Tabharfar cuireadh do ghrúpaí eile ó am go ham de réir mar a bhíonn gá leis.
<b>Mí Iúil/mí Lúnasa 2023</b>	<b>Céim 3 - Céim an Cheapacháin (An Gharda Síochána)</b> Cuirfear tús leis an gcéim seo dóibh siúd a n-éiríonn leo i gCéim 2 de chuid na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí ó mhí Lúnasa 2023 ar aghaidh. Triail Inniúlachta Fisicí/Scrúdú Leighis/Tástáil Mhí-úsáide Substaintí (Drugáí Rialaithe) agus Grinnfhiosrúchan.

Tuigtear gur féidir go gcuirfear iarrthóirí an n-éiríonn leo san fheachtas seo faoi mheas le dul isteach i gColáiste an Gharda le linn 2023 agus 2024.

## **Nóta**

Reáchtálfaidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí céimeanna 1 agus 2 den phróiseas roghnaithe agus reáchtálfaidh An Garda Síochána Céim 3. Rachaidh iarrthóirí cáilithe a chomhlíonann na riachtanais cháilitheachta i ndiaidh an Agallaimh ar aghaidh chun dul faoi mheas do cheapacháin sa Gharda Síochána.

De réir mar a théann iarrthóirí ar aghaidh trí chéimeanna/ghnéithe éagsúla an phróisis roghnaithe agus cheapacháin, ní mór d'iarrthóirí a bheith ar fáil ar dháta ar bith a thugtar dóibh mar gur féidir nach mbeifear in ann am eile a thabhairt.

## **Céim 1**

### **Trialacha Measúnaithe**

Déanfar Céim 1 ar líne agus beidh feitheoireacht ó chian trí cheamara gréasáin i bhfeidhm. Beidh na trialacha ar fáil i roinnt teangacha éagsúla. Is féidir leat na trialacha measúnaithe tosaigh ar líne a dhéanamh i do rogha ionad in áit ina bhfuil ríomhaire ar fáil ar a bhfuil ceamara gréasáin agus ceangal idirlín maith. Tabharfar cuireadh do gach iarrthóir a n-éiríonn leo iarratas a chur isteach ar an gcomórtas seo Céim 1 a chomhlíonadh. Rangaítear iarrthóirí de réir a marcanna sna measúnuithe. Tabharfar cuireadh dóibh siúd a bhaineann na háiteanna is airde amach san ord fiúntais tabhairt faoin gcéad chéim eile den phróiseas roghnaithe.

Tabharfar eolas cuimsitheach faoi gach céim roghnaithe d'iarrthóirí a fhaigheann cuireadh chuig an gcéim sin den phróiseas ag an am cuí.

### **Céimeanna Eile den Phróiseas Roghnaithe**

Tabharfar eolas níos cuimsithí faoi Chéim 2 agus Chéim 3 d'iarrthóirí cuí de réir mar a théann siad ar aghaidh sa phróiseas trína gclár teachtaireachtaí ar [publicjobs.ie](http://publicjobs.ie).

### **Áit le Trialacha ar Líne a Dhéanamh**

Ba chóir duit a bheith ar an eolas agus tú ag déanamh na dtrialacha seo ar ghréasáin TF slán m.sh. gréasán i d'áit oibre nó i gcoláiste gur féidir go bhfuil balla dóiteáin nó teicneolaíocht chosanta eile i bhfeidhm a d'fhéadfadh deacrachtaí teicniúla a chruthú. Ba chóir duit smaoineamh ar na trialacha a dhéanamh sa bhaile nó in áit eile nach bhfuil na srianta céanna ar an idirlíon. Is fútsa atá sé a chinntiú go bhfuil rochtain iomlán agat ar an idirlíon chun na trialacha a chomhlíonadh. Ba chóir d'iarrthóirí a chinntiú gur féidir leo na trialacha a chomhlíonadh in áit chiúin inar féidir leat díriú ar an obair agus gan aon rud ag cur isteach orthu le linn na dtrialacha.

### **Nasc chuig Céim 1 - Measúnuithe**

I ndiaidh an dáta dúnta agus sula dtosaíonn Céim 1, seolfar nasc chuig an Leabhrán Eolais Réamhthrialach chuig do chlár teachtaireachtaí.

Seolfar nasc chuig an triail ar líne trí ríomhphost chuig cláir teachtaireachtaí na n-iarrthóirí roimh an am atá ar fáil don triail. Tá sé beartaithe go gcuirfear an nasc seo ar aghaidh le linn mhí Bealtaine 2023. Tríd an nasc seo, beidh tú in ann teacht ar gach triail.

## **Tú féin a ullmhú don phróiseas roghnaithe**

Cuirfear eolas ar fáil roimh gach céim den mheasúnú. Bí ar an eolas nach bhfuil aon ullmhúchán ar leith i gceist do na trialacha measúnaithe agus nach bhfuil iarpháipéir scrúdaithe ar fáil.

## **Cúrsaí Ullmhúcháin**

Is mian le Coimisinéir an Gharda Síochána a rá nach bhfuil aon fheidhm nó aon bhaint ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí nó ag an nGarda Síochána le cúrsaí ullmhúcháin a bhaineann leis an bpróiseas roghnaithe do ról an Gharda faoi Oiliúint a sholáthar nó a mholadh.

## **An Próiseas Ceapacháin**

### **9. Triail Inniúlachta Fisicí (TIF)**

Ní mór d'iarrthóirí a bheith aclaí go haeróbach chun tabhairt faoi thraenáil go sábháilte agus, ina dhiaidh sin, chun na dualgais a thugtar dóibh mar Gharda a bhaint amach. Déanfaidh gach iarrthóir Triail Inniúlachta Fisicí mar chuid den phróiseas iarratais agus mar chuid dá n-oiliúint ina dhiaidh sin. Ní mór d'iarrthóirí pas a fháil i ngach cuid den triail agus beidh leagan amach na trialach mar an gcéanna do gach duine. Ní mór d'iarrthóirí a n-éiríonn leo iad féin a choinneáil aclaí le linn an Chláir Bhunoiliúina agus déanfar Trialacha Inniúlachta Fisicí le linn an Chláir. Má theipeann ar iarrthóir an leibhéal aclaíochta atá riachtanach a choinneáil le linn na hoiliúna, glacfar leis gur briseadh an Conradh agus cuirfear críoch leis an gconradh dá bharr. Tá fiseán léirithe agus eolas cuimsitheach faoin Triail Inniúlachta Fisicí ar fáil ar [shuíomh gréasáin an Gharda Síochána](#).

Tá maolú ag an nGarda Síochána faoi Alt 5 den Acht Míchumais 2005.

### **10. Scrúdú Leighis**

Má éiríonn le hiarrthóirí sa phróiseas suntasach grinnfhiosrúcháin a reáchtálfaidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí chun a n-oiriúnacht ghinearálta a dheimhniú (deimhníonn grinnfhiosrúchán oiriúnacht chomh maith), agus an Triail Inniúlachta Fisicí (TIF) a chomhlíonadh go rathúil, beidh ar iarrthóirí a n-éiríonn leo dul faoi scrúdú dian leighis a dhéanfaidh Liachleachtóir Cláraithe a ainmneoidh Coimisinéir An Gharda Síochána.

Má tá fadhb(anna) sláinte reatha agat nó fadhb(anna) sláinte atá ann cheana féin, **NÍ MÓR DUIT** tuairiscí cliniúla ón dochtúir/na dochtúirí a chuireann cóir leighis ort a chur ar fáil ionas gur féidir iad a mheas ar an lá. Cabhróidh seo leis an scrúdú leighis agus, dá bharr sin, le d'iarratas a chur chun cinn. Beidh ort cead a thabhairt dúinn dul i dteagmháil le do dhochtúir(i) agus sonraí teagmhála do dhochtúra/dhochtúirí a thabhairt chun cumarsáid a éascú, de réir mar is gá.

### **Seo a leanas na riachtanais ghinearálta leighis:**

- Sláinte mhaith intinne agus fhisiceach (ní mór cuntas iomlán leighis a thabhairt agus déanfar athbhreithniú air mar chuid den scrúdú leighis).
- Meáchan taobh istigh de na gnáth-theorainneacha (gan a bheith faoi mheáchan agus neamh-mhurtallach) (ICM idir 18.5 agus níos lú ná 25 go hidéalach). Déanfar measúnú ar iarrthóirí a bhfuil ICM acu atá lasmuigh de na teorainneacha seo trí úsáid a bhaint as táscairí deimhnithe breise chun fadhbanna cliniciúla suntasacha a chur as an áireamh agus chun cinneadh a dhéanamh maidir le haclaíocht.
- Radharc na Súil - leibhéal maith amhairc (fad amhairc 6/18, ar a laghad, sa dá shúil ar féidir a fheabhsú go dtí 6/9 agus 6/12 nó níos fearr le spéaclaí nó le lionsaí tadhaill más gá).
- Éisteacht - éisteacht mhaith gan áis éisteachta.

### **Déanfar na trialacha seo thíos ar an lá chomh maith:**

- Tástáil súil – Déanfar tástáil súil gan chuidiú ar an lá (ní mór spéaclaí/lionsaí a bhaint díot/a thógáil amach uair an chloig roimh an triail).
- Tástáil éisteachta - gnáthéisteacht agus teorainneacha éisteachta ar thástáil chlosmhéadrachta gan áis éisteachta.
- Tástáil mhúin do ghnáthscagadh cliniciúil.
- Buaicshreabhchairte de lámh.
- Scrúdú brú fola agus frithbhualte.

**Is féidir go gcuirfidh fadhb(anna) leighis agus mheabhairshláinte atá nó a bhí agat bac ort maidir leis na caighdeáin leighis riachtanacha a bhaint amach**, ach déanfaidh an dochtúir atá i mbun an scrúdaithe na fadhbanna agus cuntas leighis an iarrthóra a mheas de réir an cháis; is féidir go mbeidh sé riachtanach tuairiscí sa bhreis nó soiléiriú a fháil ón dochtúir/na dochtúirí atá ag plé leis an iarrthóir.

### **11. Tástáil Mhí-Úsáide Substaintí (Drugaí Rialaithe)**

Is féidir go mbeidh ar iarrthóirí Tástáil Mhí-Úsáide Substaintí (Drugaí Rialaithe) a dhéanamh mar chuid den phróiseas roghnaithe do Ghardaí faoi Oiliúint. Ní mór do gach iarrthóir páirt a ghlacadh sa phróiseas tástála, nuair a chuirtear i bhfeidhm é, agus má fhaightear tástáil dhearfach, ní rachaidh an t-iarrthóir ar aghaidh sa chomórtas.

### **12. Grinnfhiosrúchán**

Mar sheirbhís phóilíneachta nua-aimseartha agus fhorásach, caithfidh baill foirne den Garda Síochána na caighdeáin ghairmiúla agus eitice is airde a chomhlíonadh.

Is cuid riachtanach den phróiseas roghnaithe do Ghardaí faoi Oiliúint iad na seiceálacha grinnfhiosrúcháin réamhfhostaíochta, mar sin. Beidh ar iarrthóirí a n-éiríonn leo i gCéim 3 (agallamh) eolas cuimsitheach a thabhairt chun gur féidir Grinnfhiosrúchán a chomhlíonadh.



Is faoin iarrthóir atá sé eolas ábhartha agus cruinn a chur ar fáil laistigh den tréimhse chuí. Glactar leis go bhfuil iarrthóirí nach ndéanann sin tar éis tarraingt siar ón gcomórtas.

Ba chóir duit a bheith ag súil leis go ndéanfar Grinnfhiosrúchán láidir agus cuimsitheach maidir le d'oiriúnacht chun a bheith i do bhall den Gharda Síochána agus is féidir go mbeidh na nithe seo a leanas san áireamh:

- Seiceálacha ar do thaifead coiriúil agus ar thaifid choiriúla do mhuintire.
- Seiceálacha faisnéise ortsa, ar do mhuintir agus ar do líonra tionchair
- Seiceálacha d'fhíneálacha, d'fhógraí pionóis socraithe agus do rabhaidh fhoirmiúla.
- Seiceálacha ar do phróifíil meán sóisialta.

Tá an Mhacánacht agus an tlonracas fíorthábhachtach i mbaill foirne de chuid an Gharda Síochána agus ní mór duit, mar sin, na nithe sin a leanas a nochtadh:

- Aon chiontuith a d'eisigh aon chúirt in Éirinn nó aon chúirt Idirnáisiúnta
- Aon chiontuith ar féidir iad a thuiscint mar chiontuith caite in Éirinn nó thar lear
- Aon chionta nó eachtraí coiriúla a raibh baint agat leo, nó a ndearna fiosrúchán ort dá bharr
- Aon rabhaidh fhoirmiúla a thug An Garda Síochána nó aon Seirbhís Phóilíneachta duit
- Aon orduithe cúirte a cuireadh i bhfeidhm ort, m.sh. orduithe urchoisc, orduithe cosanta srl.
- Aon imeachtaí, chúismimh nó toghairmeacha coiriúla i do choinne atá ar feitheamh/le réiteach.
- Aon teagmháil le Gardaí/Póilíní/Fórsaí Cosanta in aon dlínse, lena n-áirítear teagmháil faoi scéim na nOifigeach Teagmhála don Óige (OTÓ), is cuma cén toradh a bhí i gceist.

Mura nochtann tú na nithe thuas go hiomlán agus go macánta, is féidir nach ndéanfar d'iarratas a mheas a thuilleadh.

Toisc go ndéanfaimid seiceálacha ar thaifid choiriúla agus seiceálacha slándála ar do mhuintir, ba chóir duit iad a chur ar an eolas go ndéanfaidh An Garda Síochána é sin. Tabhair faoi deara: de réir an RGCS, ní chuirfimid torthaí na seiceálacha seo ar fáil duitse. Déanfar na seiceálacha grinnfhiosrúcháin láidre agus cuimsitheacha ar bhealach cothrom.

### **13. Cáilitheacht**

Má eiríonn le duine ag céim ar bith den phróiseas roghnaithe, ní hionann sin is a rá go gceapann Coimisinéir an Gharda Síochána go gcomhlíonann siad riachtanais iomlán an phoist, agus ní chinntíonn sé go nglacfar leo mar Gharda faoi Oilíúint.

De réir na forála in [Alt 5\(2\) de Rialacháin an Gharda Síochána \(Cead Isteach agus Ceapacháin\), 2013](#), de réir mar a leasaíodh i [Rialacháin an Gharda Síochána \(Cead Isteach agus Ceapacháin\) \(Leasú\) 2020 \(Ionstraim Reachtúil 602 den bhliain 2020\)](#) agus i [Rialacháin an Gharda Síochána \(Cead Isteach agus Ceapacháin\) \(Leasú\) 2021 \(Ionstraim Reachtúil 757 den bhliain 2021\)](#) (nó aon leasú a dhéantar ar na Rialacháin sin le linn thréimhse an fheachtais), agus in ainneoin aon fhorála eile sna Rialacháin seo, ní thabharfaidh an Coimisinéir cead do dhuine oilíúint a

dhéanamh mar bhall den Gharda Síochána d'fhonn iad a cheapadh agus a chlárú mar bhall ina dhiaidh sin, ach amháin má tá an Coimisinéir sásta go bhfuil an duine oiriúnach.

Má éiríonn leat ag gach céim den phróiseas earcaíochta níl aon ghealltanas ann go dtabharfar tairiscint duit tús a chur le hoiliúint. Má theipeann ar iarrthóir eolas iomlán a thabhairt nuair a lorgaítear é ag gach staid den phróiseas iarratais, ní bheidh siad i dteideal dul ar aghaidh chuig an oiliúint.

Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, go dtuigeann tú go bhfuil sé de dhualgas ort a chinntiú go gcomhlíonann tú riachtanais cháilitheachta an chomórtais sula dtugann tú faoi mheasúnuithe. Mura gcomhlíonann tú na bunriachtanais iontrála seo agus má théann tú faoi agallamh dá ainneoin sin, cuirfidh tú costas gan ghá ort féin.

Maidir le hiarrthóirí nach dtugann cibé fianaise a éilíonn an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí / An Garda Síochána i dtaca le haon ábhar a bhaineann lena n-iarrthóireacht, nó nach gcomhlíonann an tástáil(acha) roghnaithe éigeantacha/Scrúdú Leighis agus/nó an Triail Inniúlachta Físicí ag an am(anna) agus san áit(eanna) a shocraítear, glacfar leis go bhfuil a n-iarrthóireacht tarraingthe siar ach amháin má shocraíonn an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí / An Garda Síochána, dá rogha féin, a mhalairt.

Ní íoctar aon chostas a chuireann iarrthóirí orthu féin nuair a ghlacann siad páirt in aon cheann de na nósanna imeachta roghnaithe nó nuair a bhíonn siad i láthair d'oiliúint den chéad uair as airgead poiblí.

#### **14. Clár Bunoiúna**

Is é an Clár Bunoiúna an clár oiliúna agus forbartha tosaigh do Ghardaí faoi oiliúint nua-earcaithe agus do Ghardaí ar Promhadh sa Gharda Síochána, agus tá an oiliúint atá ag teastáil chun dualgais agus feidhmeanna an Gharda a chomhlíonadh ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil i gceist.

Is é an Clár Bunoiúna an t-ardán as a bhforbraítear gach deis foghlama agus forbartha eile sa Gharda Síochána.

Tá trí phríomhghné foghlama agus forbartha i gceist sa Chlár Bunoiúna, a ndéantar monatóireacht agus measúnú orthu le linn an Chláir. Is iad seo a leanas iad:

1. BA sa Phóilíneacht Fheidhmeach – tá Baitsiléir Ealaíon i Scileanna Póilíneachta Feidhmeacha i gceist sa Chlár. Tógann sé thart ar dhá bhliain an BA i Scileanna Póilíneachta Feidhmeacha a chríochnú agus tá trí Staid ar leith i gceist.
2. Éifeachtacht agus éifeachtúlacht oibríochta – nuair a chuirtear Gardaí faoi Oiliúint agus Gardaí ar Promhadh ag obair i Stáisiúin, déantar a n-éifeachtacht agus a n-éifeachtúlacht a mheas. Déanfar feidhmíocht oibríochta gach Garda faoi Oiliúint (Staid I) agus gach Garda ar Promhadh (tréimhse phromhaidh i Staid II agus Staid III) a mheas chun a n-oiriúnacht do ról agus d'fheidhmeanna an Gharda a chomhlíonadh ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil a mheas.
3. Iompar – Mar phríomhthosaíocht eagraíochta, déantar oiriúnacht ghinearálta na nGardaí faoi Oiliúint agus na nGardaí ar Promhadh a mheas go cúramach maidir lena n-iompar le linn thréimhse an Chláir. Déanann an Clár an chaoi a gcloíonn Gardaí faoi Oiliúint agus Gardaí ar Promhadh le caighdeán eitice, le luachanna, le

hionracas agus le caighdeáin ghairmiúla atá ag teastáil ó bhall den Gharda Síochána a mheas.

Cuirtear tús leis an gClár Bunoiúna nuair a ghlacann an Coimisinéir le hiarrthóir mar Gharda faoi Oiliúint agus cuirtear deireadh leis nuair atá an tréimhse phromhaidh comhlíonta acu nuair a dheimhníonn Coimisinéir an Gharda Síochána an t-iarrthóir ina c(h)eapachán mar bhall den Gharda Síochána.

Tá BA i Scileanna Póilíneachta Feidhmeacha mar chuid den Chlár, ina bhfuil trí Staid oiliúna. Nuair a chomhlíonann siad Staid I, deimhnítear Gardaí faoi Oiliúint mar bhaill den Gharda Síochána agus cuireann siad tús lena dtréimhse phromhaidh (dhá bhliain ó dháta an deimhnithe de ghnáth) de reir fhorálacha na Rialachán (Cead Isteach agus Ceapacháin). Tugann an tréimhse phromhaidh deis dúinn oiriúnacht an Gharda ar Promhadh chun ról agus feidhmeanna an Gharda a chomhlíonadh a mheas sula ndeimhnítear iad mar Gharda. I ndiaidh dóibh deimhniú a fáil, comhlíonann Gardaí ar Promhadh Staid II agus Staid II den Chlár. Is féidir go gcuirfeadh síneadh le hamlínte an Chláir Bhunoiúna, de réir mar is cuí.

Baintear úsáid as cur chuige i leith na foghlama atá bunaithe ar fhadhbanna a réiteach chun an ghné acadúil agus Scileanna den Chlár, atá mar chuid den BA i Scileanna Póilíneachta Feidhmeacha, a chur ar fáil. Forbraíonn an BA sa Phóilíneacht Fheidhmeach foghlaim i réimsí éagsúla, m.sh. Reachtaíocht, beartas an Gharda Síochána, cleachtais agus nósanna imeachta, an Ghaeilge, an phóilíneacht phobail, ceird na póilíneachta, féinchosaint agus oiliúint fhisiceach. Le linn an chlár oiliúna, caithfidh Gardaí faoi Oiliúint agus Gardaí ar Promhadh acmhainneacht, díograis, tiomantas, aclaíocht fhisiceach agus mheabhrach agus luachanna láidre eitice a léiriú. Tá na tréithe sin ag teastáil chun riachtanais an chlár a chomhlíonadh agus chun a chinntiú go bhfuil iarrthóirí in ann páirt a ghlacadh san oiliúint, lena n-áirítear riachtanais fhisiceacha an chlár.

Tá achoimre ar na trí Staid den BA sa Phóilíneacht Fheidhmeach, atá mar chuid den Chlár Bunoiúna, ar fáil thíos:

### **Staid 1:**

Le linn na staide seo, tá gnéithe acadúla i gceist sa BA i Scileanna Póilíneachta Feidhmeacha, mar aon le monatóireacht ar iompar agus ar fheidhmíocht oibríochta. Tá trí Chéim i gceist i Staid 1 agus tógann sé thart ar ocht mí ar iarrthóirí iad a chomhlíonadh. Le linn na hoiliúna i Staid 1, tá Gardaí faoi Oiliúint faoi chúram díreach Stiúrthóir (Ard-Cheannfort) na hOiliúna agus na Forbartha Gairmiúla Leanúnaí, Coláiste an Gharda Síochána, an Teampall Mór, Co. Thiobraid Árann.

Tugann **Staid 1, Céim 1** eolas faoi bhunchlocha na póilíneachta, agus léargas ar ról agus fheidhm an Gharda, agus cuirtear an bhunoiiliúint tosaigh ar fáil atá ag teastáil chun feidhmiú mar Gharda oibríochta. Tá Céim 1 éigeantach agus tá oiliúint chónaithe i gceist; déantar í idir an Luan agus an Aoine de ghnáth.

Is í **Staid I, Céim 2** an chéim ina ndéantar foghlaim ó thaithí agus foghlaim bhreathnaitheach, agus cuirtear Gardaí faoi Oiliúint ag obair i Stáisiúin. Le linn na céime seo, faigheann Gardaí faoi Oiliúint oiliúint ar an láthair agus taithí ar an bpóilíneacht mar bhreathnóirí agus mar chúntóirí. Le linn na Céime seo, bíonn an deis ag Gardaí faoi Oiliúint na rudaí a d'fhoghlaim siad le linn na hoiliúna a rinne siad i gCéim 1 a fheiceáil ar an láthair

agus tuilleadh forbartha a dhéanamh orthu féin trí thaithí a fháil ar imeachtaí póilíneachta beo. Mar chuid de Chéim 2, caithfidh Gardaí faoi Oiliúint cuntas a choimeád ar a bhforbairt phearsanta le linn na céime.

Is í **Staid I, Céim 3** buaicphointe Staid I, ina dtagann Gardaí faoi Oiliúint ar ais chuig Coláiste an Gharda Síochána chun oiliúint chónaithe agus dhigiteach a dhéanamh. I gCéim 3, cuirtear an fhoghlaim agus an fhorbairt atá ag teastáil chun a chinntiú go mbeidh Gardaí faoi Oiliúint in ann measúnuithe suimitheacha a dhéanamh chun cumas a léiriú sula ndeimhnítear iad mar bhaill oibríochta éifeachtacha den Gharda Síochána.

Nuair a chuirfead tús le Staid I, caithfidh Gardaí faoi Oiliúint Conradh do Ghardaí faoi Oiliúint a shíniú. Is féidir go gcuirfead síneadh le Staid I de réir mar a shocraíonn Stiúrthóir (Ard-Cheannfort) na hOiliúna agus na FGL, an t-Ardcheannfort atá i gceannas ar an mBunoiliúint nó Coimisinéir an Gharda Síochána. Nuair atá Staid I den oiliúint comhlíonta go rathúil deimhneofar Gardaí faoi Oiliúint mar bhall den Gharda Síochána agus rachaidh siad ar aghaidh chuig Staid II dá n-oiliúint mar Gharda ar Promhadh.

Maidir le Staid 1 den oiliúint, ceadaítear coicís de shaoire bhliantúil le linn agus i ndiaidh Staid I, de réir mar is cuí, ag brath ar riachtanais oibríochta an Gharda Síochána.

## **Staid II**

Socrúchán oibríochta atá i gceist i Staid II, ina gcuirtear Gardaí ar Promhadh ag obair i Stáisiúin. Déantar forbairt i Staid II ar an gclár acadúil agus scileanna mar chuid den BA i Scileanna Póilíneachta Feidhmeacha, ar an monatóireacht agus an measúnú a dhéantar ar iompar agus ar an measúnú a dhéantar ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht oibríochta. Le linn na Staide seo, oibreoidh Gardaí ar Promhadh le Gardaí eile a thabharfaidh cabhair agus tacaíocht dóibh maidir lena n-oiliúint agus lena bhforbairt. Le linn na Staide seo, rachaidh Gardaí faoi Oiliúint ar aghaidh chun feidhmiú mar bhaill neamhspleácha den Gharda Síochána.

Mar bhaill dheimhnithe den Gharda Síochána, beidh tuarastail, coinníollacha, cearta agus freagrachtaí cuí ag Gardaí ar Promhadh, de réir théarmaí a bhfostaíochta mar bhaill den Gharda Síochána.

## **Staid III**

Leantar leis an socrúchán oibríochta i Staid III, agus cuirtear Gardaí ar Promhadh ag obair i Stáisiúin. Leantar chomh maith leis an measúnú a dhéantar ar na trí ghné den Chlár Bunoiliúna; measúnuithe acadúla agus scileanna mar chuid den BA i Scileanna Póilíneachta Feidhmeacha, monatóireacht ar iompar, agus measúnú ar a n-éifeachtacht agus a n-éifeachtúlacht feidhmíochta. Ní mór do Ghardaí ar Promhadh a léiriú do Choimisinéir an Gharda Síochána go bhfuil siad oiriúnach agus go bhfuil cumas acu sna trí phríomhghné sula ndeimhnítear iad mar bhaill den Gharda Síochána. Le linn na staide seo, oibreoidh Gardaí ar Promhadh mar Ghardaí neamhspleácha, agus iad ag leanúint lena n-oiliúint agus lena bhforbairt.

## **Measúnú Acadúil agus Gairmiúil**

Le linn an Chláir Bhunoiliúna, beidh scrúduithe agus measúnuithe gairmiúla le déanamh ag Gardaí faoi Oiliúint agus ag Gardaí ar Promhadh. Tá sé riachtanach páirt a ghlacadh i ngach scrúdú, i ngach measúnú gairmiúil agus aclaíochta, agus i ngach gné den Chlár Bunoiliúna.

Caithfidh Gardaí faoi Oiliúint agus Gardaí ar Promhadh pas a fháil i ngach scrúdú agus i ngach measúnú le linn na Staideanna éagsúla (agus na céimeanna laistigh de na Staideanna) chun dul ar aghaidh tríd an gClár. Ní mór aon iarratais ar chóiríocht réasúnta maidir le riachtanais an BA sa Phóilíneacht Fheidhmeach a lorg agus a chur isteach i scríbhinn chuig Ard-Cheannfort an Chláir Bhunoiliúna sula gcuirfear tús le Staid I den Chlár. Ní mór tuairiscí leighis agus ghairmiúla ábhartha a chur isteach mar thacaíocht le hiarratais dá leithéid.

## **Sannadh**

Ba chóir d'iarrthóirí a bheith ar an eolas gur gá do bhaill den Gharda Síochána oibriú i Stáisiún nó in ionad ar bith sa Stát de réir mar a shocraíonn an Coimisinéir. I ndiaidh dóibh deimhniú a fháil, cuirfear Gardaí ar Promhadh ag obair i Stáisiún, ag brath ar riachtanais oibríochta na hEagraíochta agus riachtanais maidir le hacmhainní ar fud na tíre.

### **15. Conradh**

Rialaíonn an conradh oiliúna a socraíodh idir an Coimisinéir agus an Garda faoi Oiliúint coinníollacha seirbhíse an Gharda faoi Oiliúint. Tá an sannadh oiliúna sealadach agus mairfidh sé 33 seachtaine nó ar feadh tréimhse níos giorra nó níos faide ná sin de réir mar a shocróidh Coimisinéir an Gharda Síochána.

Déanfar athbheithniú leanúnach ar oiriúnacht an Gharda faoi Oiliúint maidir le gach gné den sannadh oiliúna le linn na tréimhse sin.

Is féidir an sannadh a chur ar ceal:

- (a)** ar iarratas ón oiliúnaí, **nó**
- (b)** is féidir leis an gCoimisinéir é a chur ar ceal
  - (i)** má shocraítear nach bhfuil an Garda faoi Oiliúint ábalta go fisiceach nó go meabhrach dualgais mar bhall den Gharda Síochána a chomhlíonadh nó nach bhfuil an chosúlacht ann go mbeidh siad ina b(h)all éifeachtach agus dea-iompartha den Gharda Síochána;
  - (ii)** má tharlaíonn sé ag am ar bith nach bhfuil an Garda faoi Oiliúint oiriúnach d'oiliúint de bharr mí-iompair.
  - (iii)** má tharlaíonn sé ag am ar bith go bhfuil an Garda faoi Oiliúint ina c(h)ónaí sa stát go mídhleathach nó má baineadh teidhlíocht amach a bheith ina c(h)ónaí sa Stát go mídhleathach.

Ní chuirfear seirbhís mar Gharda faoi Oiliúint san áireamh d'íocaíocht nó do phinsean má éiríonn leis an nGarda faoi Oiliúint a bheith ina bhall den Gharda Síochána agus ní thugann sé aon teidlíocht d'aoisliúntas nó aisce nuair a chríochnaíonn an sannadh.

Cuirfear deireadh leis an sannadh oiliúna nuair a cheapfar an duine mar bhall den Gharda Síochána. Sa chás nach nglactar leis an nGarda faoi Oiliúint mar Bhall den Gharda Síochána ag deireadh na tréimhse sannta, críochnóidh an sannadh go huathoibríoch.

## **16. Coinníollacha Seirbhíse**

### **Cód Eitice**

I sochaí daonlathach is é ról na bpóilíní an tsochaí a chosaint agus freastal uirthi, an tsíocháin a choinneáil, an dlí a chur i bhfeidhm agus sábháilteacht an phobail a chinntiú. Chun é seo a dhéanamh, ní mór go mbeadh muinín ag an bpobal a mbíonn siad ag freastal air as an nGarda Síochána. Gheobhaidh siad agus coinneoidh siad an mhuinín sin má ghníomhaíonn siad agus má fheictear go ngníomhaíonn siad faoin dlí agus go gcuireann siad an dlí i bhfeidhm go cothrom le daoine eile. Do dhuine ar bith atá ag obair sa Gharda Síochána is é seo an bunús do gach geallúint eile.

Ráiteas is ea an Cód Eitice Síochána de riachtanais eitice do gach duine atá ag obair sa Gharda Síochána agus léiriú soiléir don phobal ar an ngnáthiompar ar chóir dóibh a bheith ag súil leis. Gairm onórach is ea an phóilíneacht agus bíonn an pobal ag súil le caighdeáin iompair agus le cleachtais den scoth i dtaca leis. Ní mór do gach ball den Gharda Síochána cloí go hiomlán leis an gCód Cleachtais le muinín agus tacaíocht an phobail a chinntiú. Beidh ort gealltanais foirmiúil maidir leis an gCód Cleachtais a shíniú nuair a théann tú isteach san Eagraíocht. Chun tuilleadh eolais a fháil, clliceáil [anseo](#).

### **Tástáil DNA**

Ba chóir d'iarrthóirí a thuiscint go bhfuil An Garda Síochána faoi réir ag forálacha an Achta um Cheartas Coiriúil (Fianaise Fhóiréiseach & Córas Bunachair Sonraí DNA) 2014.

Deimhníonn Alt 41 den Acht go dtógfar Samplaí DNA ó Ghardaí faoi Oiliúint a thosaigh a n-oiliúint i gColáiste an Gharda Síochána tar éis don Acht teacht i bhfeidhm ar an 20 Samhain 2015.

Sonraíonn Alt 41 4(c) den Acht um Cheartas Coiriúil (Fianaise Fhóiréinseach agus Córas Bunachair Sonraí DNA) 2014 go '**[n-]úsáidfeair an sampla chun próifíl DNA den duine a chruthú le cur isteach san innéacs díbeartha (Garda Síochána) den Chóras Bunachair Sonraí DNA agus éifeacht iontrála dá leithéid**'.

Is é is cúis le samplaí dá leithéid a thógáil, i dtaca le coireanna a fhiosrú, a fháil amach cé acu ar éilligh an duine sin sampla ó shuíomh coire.

### **Uaireanta ar Dualgas**

Beidh uaireanta oibre ag brath ar riachtanais an Chláir Bhunoiliúna.

### **Dualgais**

Cibe oiliúint nó obair a shocróidh Údaráis an Gharda ó am go ham.

### **Saoire Bhliantúil**

Beidh baill den Gharda Síochána i gcéim an Gharda i dteideal 35 lá saoire (lena n-áirítear laethanta saoire poiblí agus Aoine an Chéasta) agus beidh teidlíocht pro rata i gceist do thréimhse seirbhíse níos lú ná bliain amháin. Is féidir go n-athrófar an teidlíocht maidir le saoire bhliantúil. Do bhaill ar dualgas oibríochta, is gnáthlaethanta oibre saoire poiblí agus Aoine an Chéasta ach amháin má shocraítear gur lá scíthe iad.

## **Smacht**

Ní mór gach ordú dleathach, a thugtar i scríbhinn nó ó bhéal ó dhaoine a bhfuil údarás acu, a chomhlíonadh. Ní mór do Gharda faoi Oiliúint cloí i gcónaí leis an gcaighdeán iompair agus smachta caighdeánach agus ní mór dóibh an *'Lámhleabhar do Ghardaí faoi Oiliúint agus ar Promhadh'* a léamh go cúramach agus cloí leis na forálacha atá ann. Má sháraítear aon cheann de na forálacha sa Chód is féidir go dtabharfar rabhadh duit nó is féidir go gcuirfean an sannadh ar ceal.

## **Saoire Bhreiteachta**

Tar éis trí mhí d'oiliúint - íocfar na liúntais iomlána d'oiread agus ceithre seachtaine.

Baintear méid na sochar atá iníoctha faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh de na híocachtaí seo le linn na breiteachta.

## **Éide agus Fearas**

Is leis an nGarda Síochána i gcónaí an éide agus an fearas a thugtar don Gharda faoi Oiliúint. Beidh an Garda faoi Oiliúint freagrach as a gcúram agus ní mór dóibh é a thabhairt ar ais nuair is gá. Níl cead é a úsáid ach do chúiseanna údaráithe agus beidh ar an nGarda faoi Oiliúint aon táille a ghearrtar de bharr nithe a chailltear nó a ndéantar damáiste dóibh a íoc.

## **Tatúnna agus Ealaín Cholainne**

Ní cheadaítear tatúnna agus ealaín cholainne ar an aghaidh, nó atá le feiceáil os cionn an choiléir. Chun íomhá ghairmiúil a choinneáil, ní mór gach tátú eile agus ealaín cholainne a chlúdach nuair atá an duine ar dualgas.

## **Fostaíocht Sheachtrach**

Post lánaimseartha atá ann agus níl cead ag an nGarda faoi Oiliúint a bheith páirteach nó ceangailte le gnó nó le gníomhaíocht ar bith taobh amuigh a chuirfeadh as do chomhlíonadh a c(h)uid dualgas. Má tá baint ag Gardaí faoi Oiliúint le haon ghnó nó gníomhaíocht sheachtrach, ní mór dóibh é sin a chur in iúl d'Oifig na nGardaí faoi Oiliúint i scríbhinn. Ba chóir eolas a thabhairt faoin gcineál gnó nó gníomhaíochta atá i gceist, faoina ról, faoi na huairanta/na laethanta a mbíonn baint acu leis an ngnó/na gníomhaíochta agus gach eolas ábhartha a thabhairt. Déanfaidh Ard-Cheannfort na Bunoiúna cinneadh maidir le páirt a ghlacadh in aon ghnó nó gníomhaíocht sheachtrach. Is féidir achomharc a dhéanamh i gcoinne chinneadh Ard-Cheannfort na Bunoiúna chuig Stiúrthóir na hOiliúna agus na Forbartha Pearsanta Leanúnaí, agus tá cinneadh an Stiúrthóra críochnaitheach.

Is faoin nGarda faoi Oiliúint atá sé eolas a thabhairt faoi aon ghnó nó gníomhaíocht sheachtrach agus mura ndéanann siad sin, is féidir go mbeidh gníomh smachtaithe i gceist, lena n-áirítear deireadh a chur leis an gconradh. Ní mór d'aon rannphairtíocht i ngnó nó gníomhaíocht sheachtrach cloí le Treoir an AE um Am Oibre.

## **17. Pá agus Liúntais**

Socraíonn an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gcomhar leis na páirtithe cuí an íocaíocht do gach seirbhíseach poiblí. Tá na rátaí agus na liúntais íocaíochta táscach agus dá bharr sin is féidir go n-athróidh siad.

Tabharfar íocaíocht de €184 sa tseachtain do Ghardaí faoi Oiliúint ar feadh na 33 seachtain sula ndeimhnítear iad. Cuirtear lóistín agus bia ar fáil i gColáiste an Gharda Síochána.

Deimhnítear Gardaí faoi Oiliúint tar éis 33 seachtain agus cuirtear iad ar an gcéad pointe den scála tuarastail, €34,572. Ardaíonn an scála in incrimintí go dtí €52,523 sa bhliain tar éis 8 mbliana agus bíonn dhá incrimint eile tar éis seirbhís de 13 bliana agus 19 mbliana a fhágann gurb é €58,958 sa bhliain an tuarastal tar éis 19 mbliana. Is féidir go n-íocfar liúntais eile, as uaireanta míshóisialta mar shampla chomh maith le ragobair.

Beidh ar Ghardaí faoi Oiliúint nach mbaineann an caighdeán riachtanach amach le dul ar aghaidh chuig gach Staid, an Modúl / Staid iomlán a dhéanamh arís, de réir mar a tharlaíonn. Má theipeann ar Ghardaí faoi Oiliúint an caighdeán chun dul ar aghaidh a bhaint amach tar éis an deis a fháil na trialacha a dhéanamh uair amháin eile de réir Rialacháin Acadúla Choláiste an Gharda le linn aon Mhodúil/Staide, socrófar nach bhfuil siad oiriúnach do ghairm sa Gharda Síochána.

## **FÓGRA TÁBHACHTACH**

Is iad sin thuas na coinníollacha seirbhíse do Ghardaí faoi Oiliúint agus níl sé ar intinn gur liosta cuimsitheach atá ann de na téarmaí agus coinníollacha fostaíochta ar fad do Ghardaí faoi Oiliúint a bheidh leagtha amach sa chonradh fostaíochta a aontófar leis an iarrthóir(i) a cheapfar.

## **18. Cód Cleachtais**

Reáchtáldaidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí an próiseas roghnaithe don chomórtas do Ghardaí faoi Oiliúint de réir Chód Cleachtais an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (Coimisiún) do Cheapachán sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí.

Sonraíonn an Cód Cleachtais na céimeanna chun déileáil le hiarratais ó iarrthóirí maidir le hathbheithniú agus maidir le gearáin ó iarrthóirí maidir leis an bpróiseas roghnaithe. Ba chóir ceisteanna faoi Staid 1, 2 agus 2 den phróiseas a chur ar aghaidh chuig an bPOF, an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí. Ba chóir ceisteanna faoin bpróiseas ceapacháin a chur ar aghaidh chuig Coimisinéir an Gharda.

Léirítear na prionsabail seo a leanas sna cóid chleachtais:

- Ionracas
- Fiúntas
- Dea-chleachtas
- Leanúnachas
- Trédhearcacht
- Ceapacháin a chuireann Cothromaíocht, Éagsúlacht agus Cuimsiú chun cinn



Níl aon dualgas ar an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí nó ar an nGarda Síochána an próiseas roghnaithe nó ceapacháin a stad a fhad is atá siad ag plé le hathbheithniú. Bí ar an eolas i gcás gur tharla athbheithniú ar phróiseas earcaíochta agus roghnaithe faoi Alt 7 den Chód Cleachtais, ní féidir leis an ngearánaí athbheithniú eile a lorg faoi Alt 8 seachas i gcásanna fíor-eisceachtúla ar fad a shocróidh an Coimisiún ar a dtóil.

Tá na Cóid Chleachtais ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí, [www.cpsa.ie](http://www.cpsa.ie).

## **Nósanna Athbheithnithe**

### **Alt 7**

Is féidir le hiarrthóir athbheithniú a lorg má tá siad míshásta le cinneadh nó gníomh a rinne an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí nó an Garda Síochána. Tabharfaidh an t-oifigeach cúí aird ar iarratais ar athbheithniú de réir fhoralacha Ailt 7 den Chód Cleachtais maidir le Ceapacháin i Nuair a dhéantar iarratas ar athbheithniú, ní mór don iarrthóir na fíricí a léiriú, dar leo, go raibh an gníomh nó cinneadh a rinneadh mícheart a chur i láthair. Is féidir go ndíltófar iarratas ar athbheithniú murar féidir leis an iarrthóir fíricí a chur i láthair maidir lena gcás.

Molann an Coimisiún, má tá an t-iarrthóir sásta, sa chás go gceapann an duine sa phost gur féidir an cheist a réiteach gur chóir tabhairt faoi ar bhonn neamhfhoirmiúil, sula dtugtar faoi trí athbheithniú foirmiúil.

### **Nós imeachta d'Athbheithniú Neamhfhoirmiúil**

- Ní mór iarratas ar Athbheithniú Neamhfhoirmiúil a dhéanamh taobh istigh de 5 lá oibre ó fuarthas toradh an chinnidh, agus de ghnáth ba chóir go dtarlódh sé idir an t-iarrthóir agus ionadaí de chuid na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí a raibh baint mhór acu leis an bpróiseas roghnaithe.
- Sa chás go bhfuil an t-iarrthóir míshásta fós tar éis díospóireacht neamhfhoirmiúil dá leithéid a bheith acu, is féidir leo iarratas ar athbheithniú foirmiúil a lorg mar seo thíos.
- Más mian leis an iarrthóir go bpléifí leis an gceist trí athbheithniú foirmiúil, ní mór dóibh é sin a dhéanamh laistigh de 5 lá oibre ón dáta ar fógraíodh toradh an athbheithnithe neamhfhoirmiúil.

### **Nós imeachta d'Athbheithniú Foirmiúil den Phróiseas Roghnaithe**

- Ní mór don iarrthóir a g(h)earán maidir leis an bpróiseas a chur i scríbhinn chuig Príomhfheidhmeannach na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí nó Coimisinéir an Gharda, de réir mar is cúí, ag léiriú na bhfíricí a thaispeánann go raibh gníomh nó cinneadh mícheart.
- Ní mór gearán nó iarratas ar athbheithniú a dhéanamh laistigh de 5 lá oibre tar éis fhógra an chéad chinnidh.
- Ní féidir síneadh ar na teorainneacha ama seo a cheadú ach amháin i gcás imthosca atá neamhchoitianta ar fad agus

- Ní foláir an toradh a chur in iúl don iarrthóir laistigh de 25 lá oibre tar éis an gearán nó an t-iarratas ar athbhreithniú a fháil.

### **Alt 8 - Gearáin**

Má cheapann iarrthóir gur bhris an ceadúnaí cuí (an Príomhfheidhmeannach, An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí nó Coimisinéir an Gharda) an Cód Cleachtais a chuir isteach d'ionracas an chinnidh a rinneadh sa phróiseas roghnaithe nó ceapacháin, is féidir leo iarratas a dhéanamh ar fhiosrúchán faoi Alt 8 den Chód. Tríd an bpróiseas gearáin is féidir le hiarrthóir(i) (nó daoine a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí) gearán a dhéanamh ar dtús chuig an gceadúnaí agus chuig an gCoimisiún ina dhiaidh sin ar achomharc sa chás go bhfuil siad míshásta fós.

Ní mór don ghearánaí na fíricí a léiríonn, dar leo, go raibh an próiseas mícheart a chur i láthair. Ní mór don ghearánaí an ghné den Chód a sáraíodh, dar leo, a shainithint agus aon doiciméad ábhartha a chabhródh lena líomhain a chur leis. Is féidir go gcaithfear amach gearán murar féidir leis an ghearánaí tacaíocht a thabhairt dá líomhaintí trí thaispeáint conas nár chomhlíon an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí nó An Garda Síochána prionsabail an Chóid seo.

- Ní mór iarratas ar Ghearán Neamhfhoirmiúil a dhéanamh taobh istigh de 5 lá oibre ó fuarthas toradh an chinnidh, agus de ghnáth ba chóir go dtarlódh sé idir an t-iarrthóir agus ionadaí de chuid na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí a raibh baint mhór acu leis an bpróiseas roghnaithe.
- Sa chás go bhfuil an t-iarrthóir míshásta fós tar éis díospóireacht neamhfhoirmiúil dá leithéid a bheith acu, is féidir leo iarratas ar athbhreithniú foirmiúil a lorg mar seo thíos.
- Más mian leis an iarrthóir go bpléifí leis an gceist trí athbhreithniú foirmiúil, ní mór dóibh é sin a chur in iúl laistigh de 5 lá oibre ón dáta ar fógraíodh an cinneadh nó laistigh de 5 lá oibre ó cuireadh toradh an ghearáin neamhfhoirmiúil in iúl.

### **Iarratais ar Aiseolas/Thrialacha a Athsheiceáil**

Tá aiseolas maidir leis an bpróiseas roghnaithe ar fáil má lorgáítear é i scríbhinn. Níl aon tréimhse ama ar leith i gceist maidir le haiseolas a fháil maidir le hathscrúdú.

Tabhair faoi deara gur próiseas éagsúil an Próiseas Athbhreithnithe mar atá leagtha amach sa Chód Cleachtais agus go bhfuil tréimhse ama ar leith gur gá cloí leis i gceist. Níl sé riachtanach aiseolas a fháil chun athbhreithniú a lorg. Ní gá d'iarrthóir cás mionsonraithe a chur le chéile sula gcuirtear tús le hachomharc. Ní féidir an tréimhse ama atá leagtha amach i gCód an CCSP a shíneadh ar chúis ar bith, lena n-áirítear aiseolas agus/nó torthaí athscrúduithe.

### **Dualgais na nIarrthóirí:**

#### **Ní mór d'Iarrthóirí na nithe seo a leanas a bheith acu**

- An t-eolas agus an cumas a bheith acu chun dualgais an phoist atá i gceist a chomhlíonadh;
- dea-cháil a bheith orthu atá oiriúnach don phost
- a bheith oiriúnach ar gach slí eile do cheapachán sa phost atá i gceist;

Agus, má éiríonn leo, ní cheapfar iad ach mar seo:

- go n-aontaíonn siad dualgais an phoist a chomhlíonadh agus glacann siad leis na coinníollacha a bhaineann le, nó a d'fhéadfadh a bheith bainteach le, dualgais an phoist a chomhlíonadh;
- go bhfuil siad iomlán inniúil agus go dtuigeann siad go hiomlán dualgais agus go bhfuil siad ar fáil chun iad a chomhlíonadh.

#### **Níl cead ag iarrthóirí:**

- eolas bréagach a thabhairt go feasach nó go meargánta
- duine ar bith a chanbhasáil, le haslú nó gan aslú
- cur isteach ar an bpróiseas ar aon bhealach nó cur as dó

Níl cead ag tríú páirtí iarrthóir a phearsanú ag aon staid den phróiseas.

Má dhéanann iarrthóir ar bith iarracht go díreach nó go hindíreach tionchar a imirt trí chanbhasáil i dtaca lena (h)iarratas, dícháileofar iad ón gcomórtas.

Duine ar bith a sháraíonn na forálacha thuas, nó a chuideoidh le duine éigin eile na forálacha thuas a shárú, tá siad ciontach i gcion. D'fhéadfaí fíneáil nó príosúnacht, nó iad araon, a chur ar dhuine atá ciontach i gcion.

Ina theannta sin, sa chás gur iarrthóir i bpróiseas earcaíochta a bhí nó atá sa duine a fuarthas ciontach i gcion:

- sa chás nach bhfuil an duine ceaptha i bpost, dícháileofar iad mar iarrthóir; agus
- sa chás gur ceapadh an duine de thoradh an phróisis earcaíochta atá i gceist, forghéillfidh siad an ceapachán sin.

### **19. Rúndacht maidir le hEolas agus hÁbhair**

Ní mór a chuimhneamh go bhfuil próiseas iomaíoch i gceist don phost agus go bhfuil an t-ionracas fíorthábhachtach. Is féidir go ndícháileofar duine ón gcomórtas mar gheall ar ábhar scrúdaithe a roinnt le duine eile m.sh. trí na meáin shóisialta nó ar shlí ar bith eile.

Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhfuil gach triail agus ábhar trialach faoi réir ag cóipcheart agus tá cosaint ar gach ceart. Ní féidir aon chuid den ábhar measúnaithe (aon téacs san áireamh agus nó roghanna a d'fhéadfadh a bheith ann do fhreagraí) nó ábhar bainteach, lena n-áirítear ábhar cleachtaidh agus/nó taithíochta a atáirgeadh nó a chraoladh i bhfoirm ar bith nó trí mhodh ar bith lena n-áirítear modh leictreonach nó meicniúil, fótachóipeáil,

priontáil, taifeadadh, scríofa nó eile, ag staid ar bith. Is coir é a dhéanamh agus is féidir go bhfágfaí as an phróiseas roghnaithe thú dá bharr. Má bhriseann duine ar bith an fhoráil seo, nó má chuidíonn siad le duine(daoine) eile an fhoráil seo a bhriseadh, is féidir go gcuirfí an dlí agus/nó agra sibhialta ar an duine sin as cailteanas cóipchirt nó maoinne intleachtúla.

## **20. Fearas Taifeadta a Úsáid**

Ní cheadaíonn an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí aon fhearas taifeadta a úsáid ina foirgneamh nó in áit ar bith ina mbíonn measúnú/trialacha/agallaimh srl ar siúl, m.sh. agallaimh físe, teileachomhdháil. Baineann sin le taifeadadh fuaime ar bith nó pictiúr socair nó taifeadadh físe de chineál ar bith cé acu an bhfuil taifeadadh fuaime i gceist nó nach bhfuil agus tá gach cineál feiste a úsáidtear don chuspóir sin i gceist.

Ní mór do dhuine ar bith ar mhian leo fearas dá leithéid a úsáid do cheann ar bith de na cúiseanna seo cead scríofa a lorg roimh ré. Tá an polasaí seo i bhfeidhm chun príobháideacht na mball foirne agus na n-iarrthóirí/gcliant a chosaint chomh maith le hionracas an ábhair mheasúnaithe agus na bpróiseas measúnaithe.

Duine ar bith a úsáideann fearas taifeadta mar seo gan chead, tá an duine sin ag sárú an pholasaí seo. Is féidir iarrthóir ar bith a dhéanann sárú dá leithéid a dhícháiliú ón gcomórtas agus d'fhéadfaí an t-iarrthóir sin a ionchúiseamh faoi alt 55 den Acht um Bainistíocht Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004.

Ina theannta sin, i gcás gur iarrthóir a bhí nó atá sa duine a fuarthas ciontach i gcion:

- sa chás nach bhfuil siad ceaptha chuig post, dícháileofar iad mar iarrthóir; agus
- sa chás gur ceapadh iad de thoradh an phróisis earcaíochta atá i gceist, forghéillfidh siad an ceapachán sin.

## **21. Nuair a mheastar iarrthóireacht a bheith tarraingthe siar**

Glacfar leis go bhfuil a n-iarrthóireacht tarraingthe siar ag iarrthóirí nach bhfreastalaíonn ar agallamh agus ar thrialacha eile ag an am cuí san áit chuí nó nach soláthraíonn, má iarrtar a leithéid orthu, cibé fianaise atá de dhíth ar an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí i dtaca le hábhar ar bith a bhaineann lena n-iarrthóireacht.

Ní mór d'iarrthóirí gach doiciméad, foirmeacha a eisiúint an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí san áireamh, a sholáthar taobh istigh de chúig lá. Mura ndéantar seo, glacfar leis gur tharraing an t-iarrthóir as an gcomórtas agus ní thabharfar aon aird ar a n-iarrthóireacht a thuilleadh.

## **22. Seirbhís ar Ardchaighdeán do Chustaiméirí**

Tá sé mar aidhm againn scothsheirbhís ar ardchaighdeán a chur ar fáil dár gcustaiméirí ar fad. Má tá tú míshásta, ar chúis ar bith, le gné ar bith den tseirbhís a chuirtear ar fáil duit, iarraimid ort an t-ábhar a chur faoi bhráid an aonaid nó an chomhalta foirne atá i gceist. Tá sé tábhachtach go ndéanfaí amhlaidh de bhrí go gcinntíonn sé go bhfuilimid ar an eolas faoin bhfadhb agus gur féidir gníomhú chun an scéal a réiteach.

Mura gcloiseann an tSeirbhís um Cheapacháin faoi aon cheist nó faoi aon fhadhb a tharlaíonn duit roimh nó ar lá na dtrialacha/an agallaimh, ní bheimid in ann plé leo ina

dhiaidh sin. Tabharfar aiseolas i scríbhinn ar fáil má iarrtar é. Ní chuireann iarratas ar aiseolas as don tréimhse ama atá leagtha amach d'athbhreithniú a lorg.

### **23. Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí**

Tháinig an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (RGCS) isteach ar an 25 Bealtaine 2018 in ionad an chreata um chosaint sonraí a bhí i bhfeidhm faoi Threoir um Chosaint Sonraí an AE.

Nuair a chláraíonn tú ar [publicjobs.ie](http://publicjobs.ie) nó má chuireann tú iarratas isteach, is féidir linn taifead ríomhaire a chruthú faoi d'ainm. Úsáidtear eolas a chuireann tú isteach le d'iarratas ar phost chun d'iarratas a phróiseáil. Má bhaintear úsáid as tríú páirtí chun d'iarratas a phróiseáil, is féidir go mbeidh sé riachtanach eolas a thabhairt dóibh, ach cuirfeadh tú ar an eolas faoi seo roimh an measúnú agus déanfar gach iarracht a chinntiú go mbeidh do chuid sonraí slán. Má éiríonn leat ag Céim 2 den phróiseas roghnaithe, cuirfeadh do shonraí teagmhála (a chuir tú ar fáil san fhoirm iarratais) ar fáil chuig AGS chun tacú leis na staideanna eile den phróiseas roghnaithe.

Baileoidh an tSCP Sonraí Monatóireachta Comhionannais ar an bhFoirm Iarratais. Bailítear an t-eolas seo ar mhaithe le staitisticí agus ní luaifeadh tréithe pearsanta. Más cuí, roinnfeadh an t-eolas staitistiúil gan tréithe pearsanta luaite leis AGS.

Má tá fonn ort teacht ar do shonraí pearsanta: maidir leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, seol d'iarratas i ríomhphost chuig: [dpo@publicjobs.ie](mailto:dpo@publicjobs.ie).

Maidir leis an nGarda Síochána, cuir d'iarratas i scríbhinn chuig:

An Comhordaitheoir um Chosaint Sonraí,  
Oifigeach Cosanta Sonraí an Gharda Síochána  
Sráid Chéipil  
Baile Átha Cliath 1.  
Ríomhphost: [DataProtection@Garda.ie](mailto:DataProtection@Garda.ie)

Cinntigh go ndéanann tú cur síos suntasach ar na taifid a theastaíonn uait chun gur féidir linn an(na) taifea(i)d cuí a shainiú.

Tá eolas i dtaca le sonraí pearsanta iarrthóra atá i seilbh na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí leagtha amach ar an leathanach Cosanta Sonraí de [www.publicjobs.ie](http://www.publicjobs.ie).

### **24. Nochtaí Cosanta**

Tá Polasaí na SCP i dtaca le Nochtaí Cosanta (lena n-áirítear Roghanna Tuairiscithe do gach duine a chlúdaítear sa Pholasaí) ar fáil ar:

[Nochtaí Cosanta.pdf \(publicjobs.ie\)](#)

## AGUISÍN A - Ceistneoir Féin-Mheasúnaithe

Spreagann an ceistneoir seo chun machnaimh thú maidir le conas a réitíonn do chuid scileanna, taithí agus caitheamh aimsire leis na riachtanais dhúshlánacha mar Gharda faoi Oiliúint.

Léigh na ráitis ar na leathanaigh a leanas agus roghnaigh na freagraí is fearr a oireann le do thuairim ar gach ráiteas. Cé nach cuid den phróiseas roghnaithe an ceistneoir, moltar duit freagra a thabhairt ar gach ráiteas sula dtéann tú ar aghaidh le d'iarratas.

Could **YOU**:



<ul style="list-style-type: none"> <li>• Work in a role with incredible variety</li> <li>• Confidently use IT packages &amp; software</li> <li>• Develop a range of new skills that you can apply in your role</li> <li>• Tell a parent that their child has been killed</li> <li>• Understand the complexities of relevant legislation and apply it in your role</li> <li>• Perform CPR on a critically injured person</li> <li>• Maintain a good level of fitness</li> <li>• Enforce legislation that you personally disagree with</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Arrest someone who you know to be a fundamentally honest and decent person, but who has broken the law</li> <li>• Do tasks that you have been assigned that you don't particularly want to do</li> <li>• Cope with large amounts of blood and others severe injuries</li> <li>• Understand that in the role you will have to deal with a huge amount of negativity, crime &amp; suffering but need to maintain a positive perspective</li> <li>• Physically tackle someone resisting arrest</li> </ul>
<ul style="list-style-type: none"> <li>• Work for one organisation for your whole career</li> <li>• Build close working relationships with your colleagues</li> <li>• Obey a lawful order that may put you in danger</li> <li>• Build strong links with a community</li> <li>• Go through the possessions of a body to try to find ID</li> <li>• Maintain your composure, even when severely provoked</li> <li>• Be the first port of call for someone who has been sexually assaulted</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Always carry your Garda ID, even when off duty</li> <li>• Build strong links with the community where you work</li> <li>• Work holidays including Christmas, Easter and Weekends</li> <li>• Appreciate that not everyone who joins will be promoted through the ranks</li> <li>• Deal with life and death situations, sometimes on a daily basis</li> </ul>
<ul style="list-style-type: none"> <li>• Adopt the shift work pattern used in An Garda Síochána, which means having to work throughout the night where, unlike some roles, sleeping is not permitted on duty</li> <li>• Maintain your resilience in the face of negative coverage and unfair criticism</li> <li>• Appreciate that even in social situations, you are likely to be introduced to others as a Garda and some people will instantly make their mind about you</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Carry out an arrest in a public place where you may be filmed on mobile phones</li> <li>• Remain dispassionate and carry out your duties, even in very different circumstances</li> <li>• Appreciate that your friends/family may worry about you and your career choice</li> <li>• Go on the beat alone</li> <li>• Provide help and assistance to people who need it</li> <li>• Make a huge difference to the lives of others</li> </ul>